OÉ Gaillimh
NUI Galway

BA (Gaeilge Fheidhmeach)

(Páirtaimseartha)

Cur síos ar an gcéim:

Is céim nua í seo sa Ghaeilge Fheidhmeach. Tá sí á tairiscint i gcomhpháirt ag *Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge* agus ag *Roinn na Gaeilge* in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is é seo an t-aon chlár dá leithéid in Éirinn ina bhfuil céim sa Ghaeilge á tairiscint trí mheán na foghlama cumaiscthe. Is é aidhm na céime spéis an mhic léinn a mhúscailt agus a threisiú i léann agus i saol na Gaeilge. Beidh modh seachadta an chúrsa solúbtha ionas nach gcuirfear ualach míréasúnta taistil ar dhaoine.

Cé air a bhfuil an chéim seo dírithe?

Tá an clár seo dírithe go háirithe ar fhoghlaimeoirí lánfhásta nach bhfuil aon cháilíocht tríú leibhéal acu. Is féidir le daoine a mbíonn teastas nó dioplóma faighte acu cheana an clár seo a dhéanamh chun céim a bhaint amach agus tabharfar aitheantas cuí do na cáilíochtaí atá acu. Cuirfear fáilte roimh dhaoine a bhfuil céim acu cheana faoin scéim Dána Ócáideacha.

Cáilíocht a bhainfear amach:

Bronnfar céim (NQAI leibhéal 8) ar mhic léinn a chríochnaíonn na ceithre bliana den chúrsa (i.e. 180 ECTS).

Leibhéal an chúrsa:	Leibhéal 8
Fad:	4 bliana ar bhonn páirtaimseartha
Riachtanais iontrála:	• Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu. Beidh grád C3 (ardleibhéal) nó a chomhionann sa Ghaeilge riachtanach. Sásaíonn sé sin gnáthriachtanais iontrála na hOllscoile. • Is féidir le hiarratasóirí a bhíonn os cionn 21 bliain d'aois an 1 Eanáir den bhliain iontrála, iarratas a dhéanamh mar fhoghlaimeoirí lánfhásta. Sa chás seo, ní gá go mbeadh an Ardteist riachtanach. Cuirfear iarratasóirí faoi agallamh agus bunófar an toradh ar chumas cumarsáide an iarratasóra san agallamh sin.
Líon mac léinn:	60
Táille:	€3,055
Iarratas a dhéanamh:	www.oegaillimh.ie/acadamh nó www.oegaillimh.ie/gaeilge
An Chéad Spriocdháta:	30 Meitheamh 2011
Tús an chúrsa:	Meán Fómhair 2011

www.oegaillimh.ie/acadamh nó **www.oegaillimh.ie/gaeilge**

Cé mar a dhéanfar an chéim a sheachadadh?

Seachadfar an chéim ar bhonn páirtaimseartha thar cheithre bliana agus bainfear leas as foghlaim chumaiscth. Déanfar an clár a theagasc trí fhoghlaim chumaiscthe ar bhonn modúlach. Tabharfar deis d'fhoghlaimeoirí a gclár ama agus a n-ualach oibre a chur in oiriúint dá stíl mhaireachtála agus d'aon tiomantais eile a bheidh orthu ó thaobh ama de. Cuirfear ábhar priontáilte agus ábhar ar-líne ar fáil do gach modúl. Tabharfaidh na teagascóirí tacaíocht agus aiseolas dóibh ag seisiúin éagsúla aghaidh-ar-aghaidh. Tabharfaidh siad tacaíocht agus aiseolas ar-líne trí úsáid a bhaint as ríomhphost agus fóraim phlé mar mhalairt air sin.

Clúdóidh siollabas na céime:

- ceartúsáid na teanga
- cúrsaí litríochta
- béaloideas agus stair chultúrtha
- sochtheangeolaíocht
- gnéithe den aistriúchán agus den iriseoireacht.

Riachtanais agus an Córas Measúnachta

Beidh ar mhic léinn freastal ar cheardlanna míosúla ar phríomhchampas na hOllscoile (tráthnóna Dé hAoine agus/nó Dé Sathairn). Caithfidh mic léinn a bheith páirteach i ndíospóireachtaí agus i bhfóraim phlé ar-líne i rith na bliana acadúla uilig. Measúnófar na modúil uilig ar bhonn aonair. De ghnáth bunófar na measúnuithe seo ar rannpháirtíocht an mhic léinn i rith an mhodúil chomh maith le haiste nó togra scríofa ag deireadh an tseimeastair.

Na hionaid ina mbeidh na ranganna teanga ar siúl go seachtainiúil (ag brath ar éileamh):

- Campas na hOllscoile, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.
- Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Páirc Ghnó an Údaráis, Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall
- Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna, Co. Na Gaillimhe
- Inis
- Cora Droma Rúisc
- Caisleán an Bharraigh
- Ráth Cairn
- Béal Feirste
- Baile Átha Cliath
- Ciarraí
- Ceatharlach

Ionaid eile ag brath ar éileamh.

Deiseanna Fostaíochta i réimse na Gaeilge: téann céimithe le Gaeilge ag obair i réimse leathan post, ina measc:

- Múinteoireacht
- An earnáil phoiblí, an earnáil ghnó
- An Státseirbhís, An Roinn Gnóthaí Eachtracha
- Riarachán áitiúil, comhairlí contae
- Na meáin chumarsáide – TG4, Raidió na Gaeltachta
- Eagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta
- Margaíocht agus cumarsáid
- Aistriúchán agus Ateangaireacht
- Earnáil na Turasóireachta agus na hOidhreachta

Lacáiste Cánach

Tugann na Coimisinéirí Ioncaim faoiseamh cánach do tháillí teagaisc ar an gcúrsa seo. Tuilleadh eolais le fáil ar http://www.revenue.ie/ga/tax/it/leaflets/it31.html

Tuilleadh eolais:

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge nó **Roinn na Gaeilge**

T +353 91 493802 — **T** +353 91 492564

R eamon.ocofaigh@oegaillimh.ie — **R** fiona.depaor@nuigalway.ie

www.oegaillimh.ie/acadamh — **www.oegaillimh.ie/gaeilge**

Lorna Siggins
(Iriseoir leis an Irish Times)

"Bhain mé an Dioplóma sa Ghaeilge amach bliain ó shin, agus mar sin táim an-sásta go mbeidh céim pháirtaimseartha ar fáil anois. De bharr gur céim pháirtaimseartha í, beidh mé ábalta coinneáil suas leis an obair go léir agus mé ag leanúint ar aghaidh le mo chuid oibre féin. Fáiltím roimh an gcéim nua seo, agus táim ag tnúth go mór len í a thosú".

Modúil an Chúrsa

BLIAIN 1

Modúl	ECTS
Cruinneas na Gaeilge 1	10
An Prós Comhaimseartha	5
Stair na Meán Gaeilge	5
Scileanna Staidéir	5
Caitheamh Aimsire agus Siamsaíocht na nDaoine	5
An Ghaeilge i Saol na Tíre	5
Uirlisí an Aistriúcháin agus na Téarmaíochta	5
An Scríbhneoireacht Acadúil	5
Iomlán	**45**

BLIAIN 2

Modúl	ECTS
Cruinneas na Gaeilge 2	15
Litríocht Chomhaimseartha na Gaeilge 1	5
Staidéar na Meán Comhaimseartha	5
Na hEalaíona Traidisiúnta	5
Litríocht Chomhaimseartha na Gaeilge 2	5
Stair an Aistriúcháin in Éirinn	5
Forbairt Phobail	5
Iomlán	**45**

BLIAIN 3

Modúl	ECTS
Cruinneas na Gaeilge 3	15
Litríocht Thraidisiúnta na Gaeilge 1	5
Aistriúchán Feidhmeach Téacsanna 1	5
Teicneolaíochtaí na Meán	5
Litríocht Thraidisiúnta na Gaeilge 2	5
Aistriúchán Feidhmeach Téacsanna 2	5
Dlí, Eiticí agus an Córas Poiblí	5
Iomlán	**45**

BLIAIN 4

Modúl	ECTS
Cruinneas na Gaeilge 4	15
Sa bhaile is i gcéin: Litríocht na hImirce	5
Eagarthóireacht agus Léamh Profaí	5
An Scéalaíocht Dhigiteach agus an Iriseoireacht Ilmheáin	5
An tSochtheangeolaíocht	5
Togra Taighde	10
Iomlán	**45**

D'fhéadfadh athrú teacht ar an siollabas seo nó ar liosta na modúl seo.